

Tá an acmhainn seo mar chuid de **shraith de thrí acmhainn atá mar chuid de bhosca uirlisí** chun machnamh a dhéanamh ar chlár Idirbhliana do scoile agus chun an clár céanna a athnuachan.

## Tábla Forléargais ar na Comhpháirteanna

Tá na Comhpháirteanna ar cheann de na ceithre Ghné Churaclaim de Ráiteas Chlár na hIdirbhliana.


Tá an Tábla Forléargais ar na Comhpháirteanna thíos bunaithe ar *Thábla 3 Áit na gcomhpháirteanna i gcuraclam IB* i Ráiteas Chlár na hIdirbhliana.

'Is iad na comhpháirteanna an bealach trína ndéantar formhór na n-eispéireas scoláire, a bhfuil cur síos orthu sna Gnéithe Scoláire, a aistriú isteach i gcuraclam IB na scoile.' (Ráiteas Chlár na hIdirbhliana, 2024)

Is féidir an colún ar thaobh na láimhe deise den Tábla Forléargais ar na Comhpháirteanna a fhorscríobh leis na comhpháirteanna atá sa chlár Idirbhliana atá tú a scrúdú mar chuid den phróiseas machnaimh agus athnuachana. D'fhéadfaí, mar shampla, a bheith ag obair ón gclár Idirbhliana atá ann faoi láthair chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil sé ailínithe le Ráiteas Chlár na hIdirbhliana nó a bheith ag obair ó chlár Idirbhliana athnuaithe amach anseo.

Is féidir úsáid a bhaint as an Tábla Forléargais ar na Comhpháirteanna ar bhealaí difriúla i bpróiseas ginearálta an mhachnaimh agus na hathnuachana. Mar shampla, mar thábla achomair ag deireadh an phróisis machnaimh chun na comhpháirteanna de chlár athnuaithe Idirbhliana a ghabháil, nó chun tús a chur leis an bpróiseas machnaimh agus aird a tharraingt ar na gnéithe den chlár Idirbhliana a d'fhéadfaí a athnuachan.

## Achoimre ghrafach ar Ráiteas Chlár na hIdirbhliana



# Tábla Forléargais ar na Comhpháirteanna

Struchtúr atá bunaithe ar Thábla 3 de Ráiteas Chlár na hIdirbhliana athbhreithnithe 2024.

Is é an fheidhm atá ag colún na láimhe deise ná an chaoi a bhfuil ár gclár Idirbhliana ailínithe le Ráiteas Chlár na hIdirbhliana a léiriú.

## Gné Scoláire

### Fás Pearsanta

### A bheith i D'fhoghlaim

## Cineálacha Comhpháirteanna

### Leanúnachas

- Corpoideachas atá ailínithe le Creat an Chorpoideachais
- OSPS (uair in aghaidh na seachtaine)

### An méid a bhaineann go sainiúil leis an Idirbhliain

Réimse modúl a chuireann eispéiris ar fáil d'fhorbairt agus d'fhás an scoláire.

### Eispéiris bhreise le haghaidh fáis

Mar shampla: aoichainteoirí, dámhachtainí forbartha le tacaíocht ón rialtas, ionduchtúchán, comórtais, imeachtaí don scoil uile, mar shampla drámaí, ceoldrámaí, laethanta margaidh, agus laethanta téamacha.

### Leanúnachas

Tacú le foghlaim agus forbairt an scoláire

(gan dul os cionn 2 uair an chloig in aghaidh na seachtaine le haghaidh Gaeilge, Béarla, Matamaitice)

### Comhpháirteanna Roghnacha

Modúil a thacaíonn le sampláil agus le réimsí eile foghlama agus forbartha

(is ionann é seo agus trí go ceithre uair an chloig sa tseachtain, ag brath ar chomhthéacs na scoile)

### Eispéiris foghlama bhreise

Mar shampla: scileanna staidéir agus taighde, laethanta foghlama a bhfuil téama leo, scileanna saoil, litearthacht-uimhearthacht

### Forbairt Punainne

An phunann Idirbhliana a chruthú, féinmheasúnú, pleanáil scoláire. Rang amháin in aghaidh na seachtaine.

Na comhpháirteanna inár scoil – an méid atá againn agus an méid atá uainn

## Gné Scoláire

### Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail

### Taighde Gairme

## Cineálacha Comhpháirteanna

### Ár bpobal féin

Gníomhaíochtaí for-rochtana áitiúla, socrúchán pobail, gníomhaíochtaí fiontar sóisialta, oideachas um ilchineálacht chultúrtha

### Ár bpobal domhanda

- Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe
- Gníomh bríoch, faoi threoir an scoláire, ar bhonn pearsanta nó ar bhonn comhoibríoch agus baint aige leis an maireachtáil inbhuanaithe

### Socrúchán Oibre Socrúchán Pobail

(is ionann é seo agus 2–4 seachtaine)

### Gairmthreoir

Rang amháin sa tseachtain nó ranganna a bheadh sceidealaithe chun díriú ar an bhfoghlaim a bhaineann le gairmeacha

### Eispéiris bhreise ghairm-bhainteacha

Mar shampla: aoichainteoirí, blasmodúil i bPrintíseachtaí / Cúrsaí Oilíúna/ Breisoideachas / Ardoideachas, laethanta eolais, dámhachtainí forbartha le tacaíocht ón Rialtas, gearrchúrsaí teistithe.

Na comhpháirteanna inár scoil – an méid atá againn agus an méid atá uainn